Cruinniú Ardleibhéil maidir le
Simpliú agus Laghdú Ualaigh sa Staidreamh Oifigiúil Eorpach

Baile Átha Cliath 3-4 Meán Fómhair 2026

Plépháipéar

1. RÉAMHRÁ

Sheol an Chomhairle Eorpach ‘réabhlóid simpliúcháin’ in 2024 agus ó shin i leith d’iarr sí arís agus arís eile ar institiúidí uile an Aontais Eorpaigh, ar na Ballstáit agus ar na páirtithe leasmhara rialacha a shimpliú agus an t-ualach riaracháin, rialála agus tuairiscithe a laghdú ar leibhéal an AE, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach an AE.

Is príomhthosaíocht don Choimisiún Eorpach é an simpliú agus an laghdú ualaigh. Ina treoirlínte polaitiúla do Choimisiún 2024-2029, leag an tUachtarán von der Leyen béim ar an ngá atá ann go dtabharfaidh gach Coimisinéir aghaidh go nithiúil ar an laghdú ualaigh ina bpunanna. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Eoraip níos Simplí agus níos Tapúla’ [1] a foilsíodh i mí Feabhra 2025, leagadh amach fís an Choimisiúin le haghaidh ‘clár oibre cur chun feidhme agus simpliúcháin lena gcuirtear feabhsuithe tapa infheicthe ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí, ar mhaithe le AE níos rathúla, níos dícharbónaithe agus níos athléimní’. Áiríodh spriocanna sonracha sa Teachtaireacht chun an t-ualach riaracháin a laghdú, bearta nua simplithe a fhógairt, tástáil struis ar reachtaíocht AE, buiséad AE níos simplí, níos dírithe agus níos éifeachtaí, seiceálacha réaltachta agus eile.

An 28 Aibreán 2026, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht ‘Ó rialacha go torthaí: Leabhar rialacha AE atá níos simplí, níos soiléire agus forfheidhmithe ar bhealach níos fearr’, arb é is aidhm dó nuachóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar dlíthe a dhearadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus a áirithiú go bhfuil siad soiléir, solúbtha agus oiriúnach don fheidhm [2].

Tá an simpliú ina chuspóir fadtéarmach d’údaráis staidrimh i gcomhthéacs buiséid shrianta, rátaí freagartha atá ag titim agus feabhsuithe ar bhailiúcháin náisiúnta sonraí riaracháin, agus tá an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) tar éis tabhairt faoi roinnt gníomhaíochtaí tosaíochta agus simplithe le blianta beaga anuas. In 2025, thosaigh Coiste CSE (CCSE) ag plé conas éifeachtacht agus éifeachtúlacht an staidrimh Eorpaigh a fheabhsú a thuilleadh, chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní tearca CSE chun an staidreamh Eorpach ábhartha a sholáthar agus an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí á laghdú an tráth céanna. Trí ghníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun staidreamh Eorpach a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, tá CSE ag cuidiú le sprioc an Choimisiúin a bhaint amach maidir leis an ualach tuairiscithe ar ghnólachtaí AE de bharr reachtaíocht AE a laghdú 25% ar a laghad agus 35% ar a laghad do FBManna.

Is é is cuspóir don doiciméad seo cur leis an bplé ag Cruinniú Ardleibhéil Uachtaráin agus Ard-Stiúrthóirí na nInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta maidir le ‘Simpliú agus Laghdú Ualaigh’ a d’eagraigh Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mBaile Átha Cliath an 3-4 Meán Fómhair 2026.

Tugtar forbhreathnú ann ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus sainaithnítear ann na príomhshraitheanna gníomhaíochta atá le cur chun feidhme thar thréimhsí ama éagsúla. Ina theannta sin, leagtar amach ann bealach chun cinn agus béim ar leith á leagan ar an dul chun cinn tapa atá le déanamh maidir le tionscnamh omnibus lena gcumhdaítear sraith gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe chun an t-ualach riaracháin sa staidreamh oifigiúil Eorpach a shimpliú agus a laghdú. Tá an bealach chun cinn atá beartaithe bunaithe ar thorthaí na tástála struis ar *acquis* AE maidir le staidreamh Eorpach, ar an dá idirphlé cur chun feidhme maidir le gnó Eorpach agus

1 Eoraip níos Simplí agus níos Tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú: https://eur-lex.europa.eu/lega I-content/EN/TXT/?uri=celex:52025DC0047

2 Ó rialacha go torthaí: Leabhar rialacha AE atá níos simplí, níos soiléire, agus forfheidhmithe ar bhealach níos fearr: https://commission.europa.eu/publica tions/simp!er-clearer-a nd-better-enforced-eu-rulebook en

maidir le staidreamh talmhaíochta arna óstáil ag an gCoimisinéir Dombrovskis, chomh maith leis na suirbhéanna atá dírithe ar Ghrúpaí Stiúrthóirí CSE agus an plé a tionóladh ag a gcruinnithe i mí an Mheithimh.

Ní mór a chur i dtábhacht ar dtús go bhféadfadh go mbeadh an dá sprioc seo a leanas d'aidhm leis an simpliú agus leis an laghdú ualaigh sa staidreamh Eorpach oifigiúil: i) **na ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus an t-ualach ar fhreagróirí a laghdú, go háirithe ar ghnólachtaí AE** agus ii) **na costais atá intuigthe d'údaráis staidrimh náisiúnta a bhaineann leis an gcóras staidrimh Eorpach a laghdú.** Is fiú a mheabhrú freisin, cé gur cheart do CSE a dhícheall a dhéanamh clár oibre uaillmhianach simpliúcháin a bhaint amach, nár cheart do na gníomhaíochtaí atá le déanamh an bonn a bhaint d'ábharthacht, d'inchomparáideacht agus de cháilíocht an staidrimh oifigiúil Eorpaigh a bhfuil gá leo le haghaidh bheartais an Aontais Eorpaigh. I ndáil leis sin, ba cheart a chur i bhfios go láidir go sainmhínítear staidreamh Eorpach de réir an Chonartha mar an staidreamh sin is gá chun gníomhaíochtaí an Aontais a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ceaptha, go bunúsach, chun freastal ar riachtanais an Aontais Eorpaigh.

2. PRÓISEAS CÚLRA AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

I mí Dheireadh Fómhair 2025, thacaigh CCSE le togra Eurostat chun tús a chur le tástáil struis ar chreataí dlíthiúla earnáilsonracha le **seiceálacha réaltachta** laistigh de Ghrúpaí Saineolaithe agus Stiúrthóirí CSE. Is cineál comhairliúchán spriocdhírithe ar leith iad na seiceálacha réaltachta, a ndéantar cur síos orthu sa Teachtaireacht 'Eoraip níos Simplí agus níos Tapúla', in éineacht le cinn eile i mbosca uirlisí an Choimisiúin, amhail idirphlé maidir le cur chun feidhme a eagraítear ar leibhéal an Choimisinéara, ceardlanna nó comhdháil. Tugadh isteach iad in 2025 chun cuidiú leis an gcuspóir chun tuiscint níos fearr a fháil ó ghníomhaithe agus ó chleachtóirí ábhartha a chuireann dlí AE chun feidhme nó a dtéann dlí AE i bhfeidhm orthu go díreach ar an gcaoi a n-oibríonn sé ar an láthair, ar dhea-chleachtais, ar iarmhairtí neamhbheartaithe, bearta tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann, bacainní cur chun feidhme agus chun deiseanna a shainaithint chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí rialála amach ar bhealach éifeachtúil, lena n-áirítear trí dheiseanna a shainaithint chun an t-ualach a laghdú.

Ag CCSE i mí na Bealtaine 2026, thuairiscigh Eurostat ar thorthaí na seiceálacha réaltachta ar staidreamh gnó, iompair, talmhaíochta, dramhaíola agus fuinnimh arna ndéanamh ag grúpaí saineolaithe agus stiúrthóirí ábhartha CSE.

Leis na seiceálacha réaltachta agus an t-idirphlé cur chun feidhme a rinneadh ó bhí 2025 ann, tugadh léargas luachmhar ar oiriúnacht reachtaíocht staidrimh AE atá ann cheana don fheidhm. Aithníodh an dul chun cinn atá déanta ag CSE maidir leis an ualach a laghdú sna seiceálacha trí imeacht ó shuirbhéanna díreacha go dtí úsáid mhéadaithe a bhaint as foinsí sonraí riaracháin agus príobháideacha. Deimhníodh leis na seiceálacha réaltachta freisin ábharthacht na treorach straitéisí foriomláine chun dlús a chur le hathúsáid sonraí a bailíodh cheana agus chun an prionsabal nach mbailítear sonraí ach aon uair amháin a chur chun feidhme agus iad a úsáid chun críoch éagsúil, lena n-áirítear chun staidreamh oifigiúil a thiomsú. Mar sin féin, ní rabhthas in ann a shainaithint go sonrach leis na seiceálacha cé na sonraí agus na staitisticí, lena n-áirítear miondealuithe agus athróga, nach bhfuil chomh hábhartha céanna d'úsáideoirí agus, dá bhrí sin, a d'fhéadfaí go mbeidís le scoradh nó lena n-úsáid a laghdú.

Dá bhrí sin, i bhfianaise an chruinnithe ardleibhéil i mBaile Átha Cliath, chomhaontaigh CCSE i mí na Bealtaine 2026 gur cheart do Eurostat ionchuir bhreise a lorg trí **chleachtadh comhordaithe**

ina mbeidh Grúpaí Stiúrthóirí uile CSE rannpháirteach, trí bhíthin ceistneoir agus cruinnithe tiomnaithe chun aiseolas a bhailiú maidir leis na gnéithe is troime agus is costasaí den tuairisciú staidrimh (ó thaobh na n-institiúidí staidrimh náisiúnta de), na táirgí is lú a úsáidtear a bhíonn á scaipeadh, agus tograí nithiúla chun *acquis* an AE a shimpliú ar fud na réimsí staidrimh.

Déantar achoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán sin in **Iarscríbhinní 1-4** le haghaidh na bpríomhréimsí staidrimh uile, lena n-áirítear liostaí de na tograí simpliúcháin a fuarthas.

In 2025 agus 2026, d'óstáil an Coimisinéir Dombrovskis dhá **idirphlé maidir le cur chun feidhme** maidir le staidreamh oifigiúil Eorpach. Sa chéad Idirphlé Maidir le Cur Chun Feidhme **'I dtreo staidreamh oifigiúil Eorpach atá ábhartha, simplithe agus costéifeachtach',** a tionóladh sa Bhruiséil an 27 Meitheamh 2025, bhí malartú oscailte fiúntach le pobal gnó an AE agus le hionadaithe ó údaráis staidrimh náisiúnta. Chuir na rannpháirtithe in iúl go dtacaíonn siad go láidir le dlús a chur leis na hiarrachtaí i dtreo an tsimplithe agus laghdú ualaigh i dtáirgeadh staidrimh oifigiúil Eorpaigh, agus ábharthacht an staidrimh sin á háirithiú an tráth céanna. D'iarr siad go méadófaí digitiú an phróisis staidrimh ina iomláine, lena n-áirítear trí uirlisí bailithe sonraí a úsáid lena mbaintear sonraí go díreach ó chórais chuntasaíochta gnólachtaí, agus thacaigh siad le prionsabal bailithe 'aonuaire' a chur chun feidhme go hiomlán ar fud na réimsí staidrimh uile trí athúsáid níos leithne a bhaint as sonraí riaracháin atá ar fáil cheana féin. Mhol siad freisin imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le sonraí fiontar a bhailiú ó cheannairí grúpa na ngrúpaí fiontar ilnáisiúnta lena mbaineann siad. Chomhaontaigh na rannpháirtithe freisin athúsáid sonraí atá i seilbh phríobháideach a shainaithint agus tús áite a thabhairt di, ar sonraí iad lena mbaineann an acmhainneacht is mó a bhfuil gealladh fúithi ó thaobh an t-ualach a laghdú. Mhol siad go ndéanfaí tuilleadh comhchuibhithe ar choincheapa staidrimh ar fud réimsí éagsúla staidrimh, agus iad sin a ailíniú níos fearr le coincheapa a bheadh ní ba shothuigthe do ghnólachta. Ó thaobh na n-úsáideoirí de, d'fhéadfaí tráthúlacht an staidrimh oifigiúil Eorpaigh a fheabhsú, agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh líon ard na gceall sonraí rúnda a laghdú laistigh de theorainneacha na rúndachta staidrimh.

Tionóladh an dara hIdirphlé Cur Chun Feidhme maidir le **'staidreamh feirme talmhaíochta'** an 24 Márta 2026. Bhí plé oscailte ann le hionadaithe feirmeoirí, le gnólachtaí talmhaíochta, le comhlachais ghnó, comhpháirtithe sóisialta agus údaráis staidrimh náisiúnta. Ba é an aidhm a bhí leis ná aiseolas a bhailiú ó pháirtithe leasmhara maidir le deiseanna chun bailiúcháin sonraí a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú agus cáilíocht agus ábharthacht an staidrimh feirme talmhaíochta á n-áirithiú an tráth céanna. Leagadh béim sa phlé ar an ngá atá le hidir-inoibritheacht sonraí níos fearr chun athúsáid na sonraí atá ann cheana a éascú chun críoch staidrimh agus le haghaidh comhpháirtíochtaí inbhuanaithe idir sealbhóirí sonraí agus údaráis staidrimh. Leagadh béim ar an bprionsabal bailithe 'aonuaire' agus úsáid 'iluaire' chun forluí i mbailiúcháin sonraí a sheachaint, mar aon leis an ngá atá le raon feidhme an bhailithe sonraí a shainiú ar bhealach níos fearr, úsáid sainmhínithe comhchuibhithe a ráthú, agus eolas maidir le ceanglais nua a scaipeadh mar is ceart. D'iarr na rannpháirtithe go n-áireofaí cumasóirí agus sásraí tacaíochta chun foinsí nua a úsáid sa chreat dlíthiúil a bheidh ann amach anseo, amhail sonraí innealra feirme agus teicneolaíochtaí digiteacha. Mhol na páirtithe leasmhara gur féidir tacú le sreafaí sonraí rianúla agus le hidir-inoibritheacht trí aitheantóirí uathúla feirme a úsáid lenar féidir sonraí atá ann cheana a idirnascadh i gcláir riaracháin eile. Ba cheart é sin a chomhcheangal le hiarrachtaí chun sonraí den sórt sin a athúsáid ar bhonn níos leithne le go mbeidh na húdaráis phoiblí i dtíortha AE agus ar an leibhéal Eorpach in ann staidreamh Eorpach a thiomsú. Tugadh aird ar an aiseolas a fuarthas le linn an idirphlé cur chun feidhme sin agus an togra ón gCoimisiún atá le teacht maidir le staidreamh comhtháite feirme (SCF) á ullmhú.

Ar an iomlán, bhí na téamaí seo a leanas maidir le féidearthachtaí a bhaineann leis an simpliú agus le laghdú ualaigh le haithint i mbeagnach gach réimse staidrimh le linn chomhairliúcháin CSE:

- deireadh a chur le forluí agus le neamhréireachtaí ar fud bailiúcháin sonraí agus gníomhartha dlí;
- laghdú a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe atá ann faoi láthair a bhaineann le cumhdach, le hinneachar, le miondealú agus/nó gráinneacht, chomh maith le minicíocht

sa chás go bhfuil athrú ar na feiniméin mall;

- tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí a shimpliú agus an t-ualach a bhaineann leis a laghdú;
- úsáid níos mó a bhaint as sonraí riaracháin, agus as sonraí a d'fhéadfadh a bheith i seilbh phríobháideach, a threisiú i gcomhréir le 'prionsabal na haonuaire';

- simpliú a dhéanamh ar an reachtaíocht nua ón tús;
- uathoibriú, comhroinnt sonraí agus idir-inoibritheacht a mhéadú chomh maith le próisis táirgthe agus tarchurtha sonraí a fheabhsú.

Ba chosúil freisin gur cheart go mbeadh tréimhsí ama éagsúla ag gabháil leis na gníomhaíochtaí simpliúcháin agus laghdaithe ualaigh, ag tosú leo siúd a bhfuil éifeacht láithreach/ghearrthéarmach ag baint leo, amhail na ceanglais tuairiscithe atá ann faoi láthair a laghdú le pacáiste omnibus de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.

Léiríodh sa phlé go raibh comhdhearcadh ann gur cheart go leanfadh CSE de bheith dírithe ar an úsáideoir agus gur cheart go leanfadh staidreamh Eorpach de bheith ábhartha agus in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais nua sonraí agus staidrimh atá ag teacht chun cinn agus atá nasctha le beartais Eorpacha a cheapadh agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Is é príomhfheidhm an staidrimh sin taca a chur faoi bheartais AE. Dá bhrí sin, ní mór dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile, lena n-áirítear Ard-Stiúrthóirí beartais an Choimisiúin, sula dtabharfar aon simpliú isteach, i gcomhréir le rialáil níos fearr.

3. SIMPLIÚ AGUS LAGHDÚ UALAIGH: BEALACH FÉIDEARTHA CHUN TOSAIGH

Chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le simpliú agus laghdú ualaigh, is féidir aghaidh a thabhairt ar na príomhshraitheanna seo a leanas den obair a dhéanfar amach anseo. Déantar cur síos breise ar gach ceann de na snáitheanna sin i bhfo-ailt thíos:

- Ceanglais tuairiscithe i reachtaíocht staidrimh an Aontais Eorpaigh a shimpliú agus a laghdú trí phacáiste omnibus de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ullmhú faoi dheireadh na chéad ráithe 2027
- An t-ualach a bhaineann le tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí a shimpliú agus a laghdú
- Cur chun feidhme "prionsabal na haonuaire" sa staidreamh oifigiúil Eorpach a threisiú
- Simpliú trí dhearadh agus reachtaíocht staidrimh AE á hullmhú
- Gníomhaíochtaí neamhreachtacha chun próisis a shimpliú agus tuairisciú staidrimh a éascú

3.1. Pacáiste Omnibus de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme (R1 2027)

Tá dhá chatagóir leathana de ghníomhartha reachtacha in *acquis* staidrimh AE faoi fhreagracht Eurostat: i) bunrialacháin staidrimh chothrománacha amhail Rialachán (CE) 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach, Rialacháin NACE agus CPA agus an Rialachán maidir le rúndacht staidrimh agus
ii) reachtaíocht earnála a bhaineann le sainréimse staidrimh (e.g. staidreamh gnó).

Leis an reachtaíocht earnálach, léirítear na prionsabail agus na forálacha a leagtar síos sna rialacháin staidrimh chothrománacha agus cuirtear iad chun feidhme. Le 15 bliana anuas, lean reachtaíocht earnála cur chuige comhsheasmhach maidir lena dearadh. Is é sin, i gcás gach réimse staidrimh, ullmhaíodh agus glacadh bunrialachán (creatrialachán). Sonraítear sna bunrialacháin na sainmhínithe agus na coincheapa, an raon feidhme, na topaicí agus na topaicí mionsonraithe a

chumhdaítear chomh maith leis na ceanglais sonraí (sonraí nach mór do na Ballstáit a tharchur chuig Eurostat lena n-áirítear spriocdhátaí agus tréimhsiúlacht na sonraí a chuirtear isteach). Tugtar tuairisc iontu freisin ar fhoinsí sonraí agus ar mhodhanna a d'fhéadfaí a úsáid, de réir phrionsabal an chomhchuibhithe aschuir lena n-áirithítear solúbthacht do na Ballstáit chun na foinsí sonraí agus na modhanna a roghnú atá le cur i bhfeidhm chun na sonraí agus an staidreamh is gá a thiomsú má chomhlíonann an staidreamh a tháirgtear na critéir cháilíochta a shonraítear sa Rialachán. Forlíontar na bunghníomhartha le gníomhartha tarmligthe agus

gníomhartha cur chun feidhme. Sonraítear le gníomhartha cur chun feidhme liosta na n-athróg agus na miondealuithe atá le soláthar le haghaidh gach topaice mionsonraithe den bhunghníomh, formáidí teicniúla le haghaidh tarchuir sonraí, chomh maith le hinneachar agus módúlachtaí teicniúla le haghaidh tuarascálacha cáilíochta agus meiteashonraí sonraí ba cheart a bheith ag gabháil le tarchuir sonraí. Is iondúil go dtugtar de chumhacht don Choimisiún le gníomhartha tarmligthe liosta na dtopaicí agus na dtopaicí mionsonraithe a leasú gan ualach mór tuairiscithe a fhorchur ar na Ballstáit ná bailiúcháin sonraí *ad hoc* a eagrú chun freastal ar riachtanais nua sonraí atá ag teacht chun cinn.

Spreag an tástáil struis ar ollstruchtúr dlí staidrimh AE a thionscain Eurostat breithniú ar an gceist ar cheart tosaíocht a thabhairt do na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a theorannú agus a shimpliú ar dtús - chun buanna tapa a bhaint amach lena maolófar an t-ualach agus na costais ghaolmhara gan mhoill. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin tograí omnibus simpliúcháin a ullmhú ina mbeidh leasuithe ar shraith rialachán tarmligthe agus cur chun feidhme lena gcumhdófar roinnt réimsí staidrimh. Is é deireadh na chéad ráithe de 2027 an spriocdháta spriocdhírithe chun an togra a ullmhú. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an togra a ghlacadh sa chéad leath de 2027 d'fhonn tús a chur le hathruithe a chur chun feidhme le linn 2028 nó in 2029 ar a dhéanaí.

Sna seiceálacha réaltachta, sna suirbhéanna agus sa phlé tiomnaithe ag grúpaí saineolaithe agus Stiúrthóirí CSE a tionóladh sa chéad leath de 2026, sainaithníodh príomhghnéithe ar a bhféadfaí an simpliú a dhíriú chomh maith le raon feidhme féideartha na rialachán tarmligthe agus cur chun feidhme atá le cumhdach i ngach réimse staidrimh. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na príomh-ghnéithe sin do na príomhréimsí staidrimh.

Is fiú a lua ag an tús, cé go ndíreoidh an tionscnamh omnibus simpliúcháin ar ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, go bhféadfadh sé teacht chun solais le linn an phróisis nach mór na bunrialacháin earnála a leasú freisin chun simpliú inláimhsithe agus laghdú ualaigh a bhaint amach. D'fhéadfaí na treochláir shonracha agus raon feidhme féideartha na leasuithe sin a fhorbairt mar chuid den dara céim.

Mar a mholtar sa pháipéar leathoifigiúil - freagairt ar chonclúidí na Comhairle maidir le staidreamh AE, tástáil struis agus simpliú na reachtaíochta staidrimh a rinneadh san Ísiltír agus sa tSeicia agus le tacaíocht ón Eastóin, ón Danmhairg, ón Laitvia agus ón tSlóvaic, ba cheart díriú ar na réimsí staidrimh is mó lena bhféadfaí an t-ualach ar ghnólachtaí a laghdú agus ar na tairbhí is mó a d'fhéadfadh a bheith ann do ghnólachtaí. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachán maidir le staidreamh gnó Eorpach leanúint de bheith ina ghné lárnach den phacáiste simpliúcháin, ós rud é go dtagann cuid mhór den ualach tuairiscithe agus de na costais chomhlíontachta ar fhiontair ón rialachán seo, lena n-áirítear na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme gaolmhara a bhaineann leis.

<u>Staidreamh sóisialta</u>

Is féidir na príomhábhair seo a leanas maidir le pacáiste omnibus simpliúcháin de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a dhíorthú ó na tograí a bailíodh tríd an gceistneoir agus trí mhalartú tuairimí le saineolaithe ISN (chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na tograí agus maidir leis an liosta de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a d'fhéadfaí a áireamh sa phacáiste simpliúcháin omnibus, féach Iarscríbhinn 2 maidir le staidreamh sóisialta):

- **Forluí a bhaint ar fud na suirbhéanna ina dtugtar tús áite do réimse an oideachais agus na hoiliúna, agus na sláinte;** I **réimse an oideachais**, moltar go n-áireofaí san

athbhreithniú an Suirbhé ar Oideachas Aosach (an chéad bhabhta eile atá beartaithe do 2028), an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair agus an Suirbhé ar an nGairmoiliúint Leanúnach (an chéad bhabhta eile atá beartaithe do 2030). Maidir leis an Suirbhé ar an nGairmoiliúint Leanúnach, má léirítear úsáid shoiléir, ba chóir go ndéanfaí breithniú ar an bhféidearthacht chun an t-ábhar a chuíchóiriú agus sraith bheag príomhathróg (rannpháirtithe, am oiliúna íoctha, costas iomlán) a chomhtháthú i suirbhé fiontair atá ann cheana mar

mhodúl trí bliana freisin, in ionad an bhailiúcháin fhairsing sonraí neamhspleách atá ann faoi láthair. Gné thábhachtach chun forluí idir an Suirbhé ar an Oideachas Aosach agus ar an bhFórsa Saothair a laghdú is ea saincheist an chomhleanúnachais a réiteach ionas go mbeidh foinse údarásach aonair ag an mbeart rannpháirtíochta 12 mhí san oiliúint, a úsáidtear freisin chun an dul chun cinn i dtreo sprioc 2030 an AE maidir leis an bhfoghlaim aosach a thomhas, is é sin 60% ar a laghad de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach san oiliúint gach bliain.

- **Athróga a athbhreithniú agus a mholadh le haghaidh scor** i gcás nach bhfoilsítear iad, nach n-úsáidtear iad nó go bhfuil cáilíocht íseal ag baint leo **i Suirbhé an AE ar an bhFórsa Saothair agus i mbailiú sonraí SIDM-AE**, rud atá ina réamhriachtanas freisin chun rátaí freagartha a choinneáil lena n-áirithítear cáilíocht láidir thorthaí an tsuirbhé. Áirítear sa chuid seo freisin simpliú a dhéanamh ar chatagóirí ina bhfuil na freagraí ró-mhionsonraithe, agus minicíocht a laghdú sa chás go bhfuil athrú ar na feiniméin mall.
- Páipéar saincheiste a ullmhú ina ndéantar na hábhair imní dhoiciméadaithe maidir le cáilíocht a mheá de réir éileamh láidir na n-úsáideoirí ar **an ráta dífhostaíochta míosúil.** Is féidir leis an bpáipéar sin a bheith ina bhonn ansin chun roghanna a mheas maidir le todhchaí an táscaire sin a chumhdaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2241 maidir le hamshraitheanna míosúla dífhostaíochta lena n-áirítear comhairliúcháin le príomhúsáideoirí institiúideacha.
- An t-ualach a bhaineann le bailiúcháin sonraí maidir le h**úsáid TFC i dteaghlaigh agus an úsáid a bhaineann daoine aonair as TFC** a shimpliú agus a laghdú **trí bheith ag díriú ar ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a eisítear go bliantúil**: dearadh débhliantúil a thabhairt isteach le haghaidh táscairí cobhsaí nó sáithithe agus croíréimse teoranta bliantúil a choinneáil le haghaidh réimsí atá ag gluaiseacht go han-tapa amhail IS; athbhreithniú a dhéanamh ar an tacar athróg Innéacs Scileanna Digiteacha le húsáideoirí chun rothlú topaicí a chumasú; an ceistneoir samhla a ghiorrú agus a chuíchóiriú trí mhíreanna atá beagnach sáithithe a bhaint agus liostaí roghanna ilroghnacha a laghdú; agus foinsí malartacha sonraí a shainaithint le haghaidh cuid den ábhar agus samhlacha barúlacha a mheas ar feadh na mblianta gan bailiú díreach.
- **An t-ualach teicniúil táirgthe a laghdú:** trí aistriú chuig tarchur aonair in aghaidh na bliana sonraí le fadualaigh agus trí eangach an teaghlaigh a shimpliú ionas gur féidir í a thógáil ó chláir; breithniú a dhéanamh ar chomhpháirt roghnach teaghlaigh do thíortha a ina ndéantar sampláil ar dhaoine.
- **Tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí a shimpliú:** Clúdaítear an t-ábhar tras-fearainn seo sa chéad chuid eile. Is togra é a bhaineann go sonrach le fearann an staidrimh shóisialta a thagann ó chomhairliúcháin na saineolaithe chun solúbthacht a mhéadú sna rialacha leantacha agus chun deireadh a chur leis na ceanglais maidir le modh bailithe SIDM-AE, lena gceadaítear d'INSanna agallamh nó cláir a roghnú le haghaidh gach athróige (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2242).

<u>Staidreamh gnó agus trádála</u>

Murab ionann agus réimsí staidrimh eile, tá liosta na ngníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe sa staidreamh gnó agus trádála sách teoranta. Áirítear leis sin:

- Rialachán 2020/1197: Gníomh Cur Chun Feidhme Ginearálta ina sonraítear na ceanglais mhionsonraithe sonraí le haghaidh fhormhór an staidrimh gnó agus trádála chomh maith le sainmhínithe ar athróga
- Rialachán 2020/1470: Geo-ainmníocht (GEONOM) agus miondealú geografach
- Rialachán 2021/1225: Socruithe le haghaidh na malartuithe sonraí (ITGS)

- Rialachán 2022/918: Ceanglais mhionsonraithe sonraí maidir le staidreamh ar shlabhraí luacha domhanda
- Rialachán 2022/1092: Ceanglais mhionsonraithe sonraí maidir le staidreamh nuálaíochta
- Rialachán 2022/2552: Liosta PRODCOM

Maidir le TFC le haghaidh staidreamh fiontair, glactar gníomh cur chun feidhme nua gach bliain chun na ceanglais mhionsonraithe maidir le sonraí a shainiú. Ós rud é go leanann plé agus nós imeachta dlíthiúil an ghnímh cur chun feidhme seo próiseas seanbhunaithe, moltar go gcuirfear athruithe féideartha san áireamh leis an nuashonrú le haghaidh na bliana tagartha 2028 (agus níos déanaí) agus nach mbeidh leasuithe mar chuid de ghníomh cur chun feidhme Omnibus.

Cuirtear na tograí nithiúla a bailíodh go dtí seo i láthair in Iarscríbhinn 1. D'fhéadfaí iad a ghrúpáil sna príomhábhair seo a leanas a bheadh ina ngnéithe le haghaidh pacáiste omnibus simpliúcháin de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme:

- **scor de bhailiú athróg áirithe** (e.g. athróga ilbhliantúla le haghaidh staidreamh struchtúrach gnó);
- **miondealuithe a shimpliú nó scor díobh** (e.g. sonraí aicme mhéid na fostaíochta a shimpliú sa staidreamh struchtúrach gnó; scor de mhiondealú ar fhoirm dhlíthiúil sa staidreamh déimeagrafaíochta gnó) agus comhchuibhiú na n-aicmithe a úsáidtear (e.g. miondealú táirgí bunaithe ar Ainmníocht Chomhcheangailte seachas liosta PRODCOM le haghaidh PRODCOM);
- **laghdú ar an gcumhdach i dtéarmaí gníomhaíochtaí eacnamaíocha** (e.g. gan ach cúpla athróg struchtúrtha staidrimh gnó a bhailiú le haghaidh Roinn L de NACE Ath.2.1 (gan miondealú breise ar ghníomhaíochtaí) agus í a eisiamh ó FATS isteach).

Chomh maith leis na ceanglais maidir le sonraí staidrimh agus an tuairisciú gaolmhar ar cháilíocht agus ar mheiteashonraí a shimpliú, sainaithníodh sa phlé a rinneadh le Grúpa Stiúrthóirí Staidrimh Gnó agus sa seisiún comhpháirteach leis an nGrúpa Stiúrthóirí Staidrimh Mhaicreacnamaíoch go bhféadfaí **simpliú a dhéanamh ar chur chun feidhme na n-aonad staidrimh sa staidreamh gnó** mar ghníomhaíocht simpliúcháin a d'fhéadfadh tionchar mór gearrthéarmach a imirt ar an gcostas a bhaineann le staidreamh Eorpach a tháirgeadh. Le blianta beaga anuas, tá iarrachtaí móra déanta ag na Ballstáit feabhas a chur ar chur chun feidhme na n-aonad staidrimh sa staidreamh gnó, ó nach raibh struchtúr dlíthiúil grúpaí fiontar san 21ú haois (i dtéarmaí aonad dlíthiúil) á léiriú mar ba chóir sa struchtúr eacnamaíoch a thuilleadh. Ba é b'aidhm leis an bPróifíliú Eorpach ar na grúpaí ilnáisiúnta fiontar (FIN) is mó, chomh maith leis an bpróifíliú uathoibríoch ar ghrúpaí beaga atá beartaithe, feabhas a chur ar cháilíocht agus go háirithe ar inchomparáideacht staidrimh gnó ar fud na mBallstát maidir le fiontair (formhór na réimsí staidrimh gnó) agus maidir le haonaid phríomhghníomhaíochta (APGanna) (staidreamh gnó gearrthéarmach agus PRODCOM).

Cé gur léirigh próifíliú Eorpach grúpaí móra FIN chomh maith le hobair na gCás-Aonad Mór feabhas suntasach ar cháilíocht agus go háirithe ar chomhleanúnachas an staidrimh lena gcumhdaítear FINanna móra thar réimsí staidrimh éagsúla staidrimh gnó agus cuntais náisiúnta freisin, cuireadh próifíliú uathoibríoch chun feidhme ar bhealaí éagsúla sna Ballstáit. Ardaíonn sé sin ceisteanna freisin maidir le hinchomparáideacht an staidrimh gnó a eascraíonn as sin ar fud tíortha éagsúla. Tháinig sé chun solais i bplé Grúpa Stiúrthóirí Staidrimh Gnó agus freisin i gcruinniú comhpháirteach Stiúrthóirí Staidrimh Mhaicreacnamaíoch-GSSG i mí an Mheithimh 2026, gur lean staitisteoirí gnó uile na mBallstát de shonraí bunaithe ar an aonad dlíthiúil a chur ar

fáil dá gcomhghleacaithe cuntas náisiúnta agus gur lean an chuid is mó díobh dá staidreamh gnó náisiúnta a fhoilsiú ar bhonn an aonaid dhlíthiúil. Dá bhrí sin, ní thiomsaítear staidreamh gnó maidir le fiontair agus APGanna ach amháin le haghaidh na sraithe sonraí staidrimh gnó a sheoltar chuig Eurostat.

Thairis sin, tuairiscítear go bhfuil **na próisis phróifílithe** an-fadálach agus go gcuireann siad cosc ar na Ballstáit dlús a chur le tarchur staitisticí gnó chuig Eurostat agus ar an gcaoi sin freagairt d'iarratas seanbhunaithe ó úsáideoirí ar staidreamh gnó níos tráthúla. I gcomhthéacs reatha acmhainní teoranta CSE, d'fhéadfadh laghdú mór ar chostais chun staidreamh gnó a tháirgeadh sna húdaráis staidrimh náisiúnta a bheith mar thoradh ar **chur chuige níos pragmataí agus níos simplí lena gceadaítear an t-aonad dlíthiúil a úsáid mar ionadaí do níos mó fiontar** ná mar a cheadaítear faoi láthair.

Sa ghearrthéarma, d'fhéadfaí an cur chuige sin a chur chun feidhme trí athrú a dhéanamh ar na rialacha oibríochtúla maidir le cur chun feidhme na n-aonad staidrimh faoi seach a chomhaontaigh SSM agus GSSG i mí an Mheithimh 2015 tar éis an phlé ábhartha a rinneadh le grúpaí oibre na gclár gnó agus na réimsí staidrimh gnó. San fhadtéarma, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar leasú ar Rialachán Uimhir 696/93 ón gComhairle maidir le haonaid staidrimh nó ar chomhtháthú shainmhínithe na n-aonad staidrimh sa Rialachán maidir le Staidreamh Gnó Eorpach (SGE).

<u>Staidreamh talmhaíochta, comhshaoil agus earnálacha eile</u>

I réimse an **staidrimh talmhaíochta,** tháinig dhá phríomhghné chun cinn a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don Omnibus simpliúcháin maidir le ceanglais tuairiscithe a laghdú sna réimsí seo a leanas:

- staidreamh maidir le táirgeadh ainmhithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2745 ón gCoimisiún
- staidreamh maidir le táirgeadh barr faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1538 ón gCoimisiún

Sna réimsí sin, moltar **mionsonraí sna miondealuithe a laghdú, athbhreithniú a dhéanamh ar ábharthacht athróg agus tairseach áirithe, anailís a dhéanamh ar fhorluí le bailiúcháin sonraí AS na Talmhaíochta, chomh maith le minicíocht a laghdú le haghaidh roinnt tacar sonraí.** Cuireadh béim láidir ar shonraí atá ar fáil ó fhoinsí eile a athúsáid agus ar athróga a ailíniú le foinsí sonraí riaracháin atá ann cheana, lena n-áirítear iad siúd atá ar fáil ar leibhéal AE. Moladh foinsí nua amhail cianbhraiteacht a úsáid chun an t-ualach riaracháin a laghdú (e.g. chun féarthailte a mhiondealú de réir catagóirí) agus cáilíocht na sonraí maidir leis an staidreamh féarthailte a fheabhsú.

Tháinig an t-éileamh ar shimpliú an tuairiscithe cáilíochta agus meiteashonraí le haghaidh staidreamh talmhaíochta agus chuntais eacnamaíocha na talmhaíochta chun cinn go soiléir freisin agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a mheas mar phríomhghnéithe eile a d'fhéadfaí a chur leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme san omnibus simpliúcháin atá le hullmhú faoi dheireadh na chéad ráithe de 2027.

Maidir le **staidreamh fuinnimh,** áirítear na tograí simpliúcháin a bailíodh in Iarscríbhinn 3. Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 maidir le staidreamh fuinnimh ag teacht le Conradh Lispóin go fóill, is é an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú an nós imeachta is infheidhme tar éis na gcéimeanna bunaithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe. Dá bhrí sin, leanfaidh na hathruithe reachtacha arb é is aidhm dóibh staidreamh fuinnimh a shimpliú an amlíne chéanna - ullmhú agus glacadh sa chéad leath de 2027
- ach leanfaidh sé a chonair nós imeachta féin agus ní bheidh sé mar chuid de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme an Omnibus simpliúcháin.

Maidir le **cuntais chomhshaoil agus eacnamaíocha,** tugadh le fios sa phlé a rinne Grúpa Stiúrthóirí DIMESA gur gá tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar conas dul i ngleic leis an simpliú, agus é á chur san áireamh nach gcuirfear tús leis an modúl nua maidir le cuntais éiceachórais faoi Rialachán (AE) 691/2011 a chur chun feidhme ach go déanach in 2026. D'fhéadfaí an chéad bhabhta féideartha de na cuntais a thiomsú agus a tharchur chuig Eurostat, chun taithí phraiticiúil a fháil ar na costais agus ar an ualach a bhainfeadh lena dtiomsú, sula leanfaí ar aghaidh lena simpliú. Chuige sin,

ní mór a lua freisin gur de chineál neamhreachtach a bhí sciar mór de na tograí, arb é is aidhm dóibh go príomha feabhas a chur ar threoirlínte foghlama agus modheolaíochta, ar uirlisí uathoibríocha, ar mhalartú cleachtas, seachas baint a bheith acu le laghdú an staidrimh agus na gcuntas amháin.

D'fhéadfaí a iarraidh ar DIMESA plean gníomhaíochta níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile chun tiomsú agus tuairisciú cuntas comhshaoil agus eacnamaíoch do Eurostat a shimpliú agus a éascú, lena mbaineann dearcadh agus foghlaim úsáideoirí ó chéad chur i bhfeidhm na gcuntas nua.

Staidreamh maicreacnamaíoch

Fuarthas freagraí ó 21 tír mar chuid de shuirbhé Ghrúpa Stiúrthóirí Staidrimh Mhaicreacnamaíoch. Bhain tromlach mór na bhfreagraí a fuarthas leis na cuntais náisiúnta (CECES; maidir le CECES reatha 2010 agus maidir le tograí atá á bhforbairt do CECES 2030), agus bhain níos lú freagraí le comhardú na n-íocaíochtaí, EDP, agus staidreamh praghsanna. Cuirtear na tograí mionsonraithe maidir le simpliú a bailíodh i láthair in Iarscríbhinn 4.

Mar ullmhúchán do na tograí atá le teacht ón gCoimisiún le haghaidh **CECES 2030** agus **Rialachán leasaithe maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí,** cuireadh prionsabail an tsimplithe san áireamh go cúramach agus Eurostat i mbun plé fairsing le táirgeoirí agus le húsáideoirí araon chun an chothromaíocht is iomchuí a shainaithint idir an t-ualach acmhainní agus riachtanais na n-úsáideoirí. Rinneadh anailís ar an raon leathan breiseanna a cuireadh leis na caighdeáin idirnáisiúnta nua (CCN 2025 agus BPM7) agus tugadh tosaíocht dóibh i sraith i bhfad níos lú a bheidh infheidhme maidir leis an AE. Tugadh faoi roinnt babhtaí ceistneoirí i scríbhinn, agus rinneadh plé tiomnaithe maidir le ceanglais tarchuir leis na grúpaí teicniúla ábhartha agus le Grúpa SSM. Baineadh amach deiseanna chun ceanglais tuairiscithe a ailíniú níos fearr le tacair sonraí eile (go háirithe le BCE maidir le cuntais airgeadais agus Comhardú na nÍocaíochtaí).

Ós rud é go bhfuil dul chun cinn mór déanta maidir leis na próisis ullmhúcháin do thogra CECES 2030 ón gCoimisiún agus gur bhreithnigh Eurostat peirspictíocht an tsimplithe cheana féin agus an togra á ullmhú, moltar go ndéanfaí na tograí a rinne tíortha le linn an cheistneora a mheas sna chéad chéimeanna eile den chaibidlíocht maidir leis an togra ón gCoimisiún maidir le nuashonrú CECES 2010, ionas nach gcuirfear amchlár an phróisis iomláin i mbaol.

Maidir leis an togra chun an t-ualach tuairiscithe a bhaineann le tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí le haghaidh cuntais náisiúnta a shimpliú agus a laghdú, d'fhéadfadh dhá bhealach chun cinn a bheith ann. D'fhéadfaí an rialachán cur chun feidhme a bhaineann le tuairisciú cáilíochta i gcomhthéacs CECES 2010 a shimpliú trí ghníomh omnibus chun an leibhéal mionsonraí atá riachtanach sa tuairisciú faoi láthair a laghdú. Mar rogha mhalartach nó sa bhreis ar an gcur chuige sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar an simpliú faoi CECES 2030, ós rud é gur ghá gníomh cur chun feidhme coibhéiseach a ullmhú sula gcuirfí CECES 2030 chun feidhme.

Tá tionchar níos fadtéarmaí ag baint leis na tograí maidir leis an simpliú agus laghdú ualaigh i ndáil le **hInnéacsanna Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT)** agus maidir le húsáid sonraí idirbhirt in ionad bailiú traidisiúnta sonraí sa chlár comhpháirteach **Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh** (PCC) le ECFE, agus, dá bhrí sin, ba cheart tuilleadh plé a dhéanamh orthu sna míonna amach romhainn. Tagraítear don rud céanna leis na tograí "cothrománacha" mar a liostaítear in Iarscríbhinn 4.

3.2. An t-ualach a bhaineann le tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí le haghaidh staidreamh oifigiúil Eorpach a shimpliú agus a laghdú

Ag an bplé a rinne grúpaí Stiúrthóirí CSE i mí an Mheithimh 2026, luadh tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí mar cheann de na réimsí is troime do na ISNanna, in ainneoin go luaitear i roinnt mhaith gníomhartha bunúsacha dlí staidrimh AE nár cheart ualach mór breise a bheith mar thoradh le tuairisciú cáilíochta.

Tá an tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí le haghaidh staidreamh oifigiúil Eorpach bunaithe ar an gCaighdeán Meiteashonraí Comhtháite Aonair (SIMS), arna fhormhuiniú ag CCSE agus arna mholadh ag an gCoimisiún [3].Is é caighdeán comhoiriúnach CSE SDMX é atá deartha chun meiteashonraí agus tuarascálacha cáilíochta a eagrú, a chaighdeánú, a mhalartú agus a scaipeadh ar fud CSE i gcomhréir le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh ina bhfuil sé bunaithe. Faoi SIMS, atá bunaithe ar choincheapa a shainítear sa Chód, ceadaítear do na Ballstáit faisnéis ábhartha a thuairisciú do Eurostat ar bhealach struchtúrtha agus ceadaítear do Eurostat na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit a bhailíochtú agus tuairisciú d'úsáideoirí maidir le cáilíocht sonraí. Is é is aidhm don chaighdeán ná comhchuibhiú a dhéanamh ar mheiteashonraí agus ar chleachtais tuairiscithe cáilíochta, lena gcuirfear níos mó soiléireachta agus trédhearcachta ar fáil d'úsáideoirí staidrimh Eorpaigh. Cuidíonn sé freisin leis an ualach a laghdú agus le héifeachtúlacht a mhéadú d'údaráis staidrimh, trí iarratais agus trí fhormáidí forluiteacha iomadúla a sheachaint agus trí mhalartú agus athúsáid faisnéise a éascú. Tarchuirtear meiteashonraí náisiúnta chuig Eurostat tríd an Láimhseálaí Meiteashonraí mar a comhaontaíodh, agus cumhdaítear oibleagáidí tuairiscithe cáilíochta i ngníomhartha dlí de ghnáth. Scaipeann Eurostat meiteashonraí náisiúnta agus Eorpacha de réir mar is iomchuí tar éis an bhailíochtaithe.

Chun SIMS a chur chun feidhme, agus ailíniú leis á chaomhnú an tráth céanna, tá cleachtais nó reachtaíocht chomhaontaithe forbartha ag réimsí staidrimh lena sonraítear struchtúr mionsonraithe, ábhar, tréimhsiúlacht nó ailíniú na sprioc-amanna atá ábhartha maidir le tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí. Léiríodh in athbhreithniú ar na meiteashonraí a tharchuir na Ballstáit chuig Eurostat do na blianta 2023 go 2025 nach bhfuil athrú suntasach tagtha, ar an iomlán, ar mhéid iomlán na meiteashonraí a soláthraíodh do Eurostat le blianta beaga anuas. Ní athraítear ach beagán (10%) de na coincheapa meiteashonraí ó bhliain go bliain. An tráth céanna, is féidir difríochtaí móra a thabhairt faoi deara ar fud réimsí staidrimh, agus tugann cuid acu líon ard réimsí meiteashonraí neamhchaighdeánacha (i.e. réimsí neamh-SIMS) isteach.

Mar chuid den sprioc chun torthaí simplithe inláimhsithe a bhaint amach sa ghearrthéarma, d'fhéadfaí tosaíocht a thabhairt do na hathbhreithnithe ar thuairisciú meiteashonraí agus cáilíochta (e.g. struchtúr, ábhar agus tréimhsiúlacht tuarascálacha cáilíochta agus meiteashonraí) i ngach réimse staidrimh. Faoi cheannaireacht na nGrúpaí Stiúrthóirí, d'fhéadfadh na grúpaí oibre ábhartha athbhreithniú a dhéanamh ar thograí nithiúla agus iad a chur i bhfeidhm chun tuairisciú cáilíochta agus meiteashonraí ina réimsí féin a shimpliú faoi dheireadh mhí Feabhra 2027. D'fhéadfaí na tograí lena n-éilítear athruithe reachtacha a áireamh ansin sa phacáiste omnibus simpliúcháin atá le hullmhú faoi dheireadh na chéad ráithe de 2027.

D'fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí simpliúcháin freisin cuíchóiriú a dhéanamh ar líon agus ábhar na rialachán cur chun feidhme maidir le tuarascálacha cáilíochta sa réimse. Mar phrionsabal ginearálta, níor cheart go mbainfeadh simpliú an bonn den tábhacht a bhaineann le tuarascálacha

cáilíochta agus meiteashonraí d'iontaofacht staidrimh Eorpaigh agus ba cheart go gcaomhnódh sé na príomhthairbhí a bhaineann leo dá n-úsáideoirí.

3 Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le meiteashonraí tagartha agus tuarascálacha cáilíochta le haghaidh an Chórais Staidrimh Eorpaigh.

Sa phlé a rinneadh go dtí seo, mhol na saineolaithe táirgeadh athróg díorthaithe agus táscairí cáilíochta roghnaithe ó mhicreashonraí tarchurtha a lárú in Eurostat agus na cúraimí sin a bhaint d'oibleagáidí na n-institiúidí staidrimh náisiúnta. Ní mór an togra seo a mheas go cúramach, agus é á chur san áireamh freisin go gcuireann tuarascálacha cáilíochta fianaise ar fáil maidir le cáilíocht na sonraí a sholáthraíonn na Ballstáit agus go n-úsáideann Eurostat na tuarascálacha sin le haghaidh bailíochtú sonraí agus dearbhú cáilíochta. Is é sin le rá, ní féidir le Eurostat teacht in ionad na mBallstát sa leithdháileadh cúraimí sin.

Le linn phróiseas athbhreithnithe tuairiscithe cáilíochta agus meiteashonraí mheithleacha CSE, d'fhéadfaí tograí a chur chun cinn freisin chun caighdeán SIMS a shimpliú. D'fhéadfadh na tograí sin, dá gcuirfí ar fáil iad faoi dheireadh mhí Feabhra 2027, a bheith ina n-ionchur tráthúil san athbhreithniú a dhéanfaidh grúpa oibre CSE um Cháilíocht ar chaighdeán SIMS. Le linn 2027 is féidir leis an ngrúpa sin oibriú ar SIMS a shimpliú chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnacht agus ar na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun é a chur in oiriúint do scaipeadh staidrimh Eorpaigh sa ré IS. Ba cheart an nuashonrú ar Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a chur san áireamh sa phróiseas athbhreithnithe freisin: Nuair a bheidh na réimsí a d'fhéadfadh a bheith ann chun an Cód a thabhairt cothrom le dáta sonraithe, is dócha faoi dheireadh 2027, agus nuair a d'fhéadfaí aon chorrlach a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le simpliú nó oiriúnú SIMS a dhíorthú, d'fhéadfaí caighdeán SIMS a mholadh lena leasú ar CCSE.

I gcomhréir leis an bplé a rinneadh ag cruinniú CCSE i mí na Bealtaine 2026, ba cheart a áireamh san athbhreithniú ar chaighdeán SIMS d'fhonn an t-ualach ar údaráis staidrimh náisiúnta a shimpliú agus a laghdú forbairtí straitéiseacha eile a bhaineann le tírdhreach oifigiúil an staidrimh, amhail na Spásanna Eorpacha Sonraí, agus na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 lena bhfeabhsaítear na féidearthachtaí maidir le húsáid sonraí a shealbhaítear go príobháideach agus maidir le malartú sonraí laistigh de CSE. D'fhéadfaí toradh na hanailíse sin ar bhearnaí a chur faoi bhráid DIME roimh dheireadh 2027 d'fhonn CCSE a fhormhuiniú ina dhiaidh sin.

3.3. "Prionsabal na haonuaire" a chur i bhfeidhm sa staidreamh oifigiúil Eorpach

Is í an phríomhghné de chur chuige CSE chun an t-ualach freagartha a laghdú ná prionsabal na haonuaire a chur chun feidhme ar bhonn níos leithne agus **sonraí riaracháin nó sonraí atá á gcoinneáil go príobháideach a athúsáid a mhéid is féidir** chun staidreamh oifigiúil Eorpach a thiomsú. Is feiniméan forleathan é an laghdú seasta ar rátaí freagartha suirbhé staidrimh ar dócha go leanfaidh sé ar aghaidh san fhadtéarma, in ainneoin éagsúlacht na mbeart atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin (e.g. dearadh suirbhé feabhsaithe nó dreasachtaí spriocdhírithe). Sa chomhthéacs sin, ba cheart athúsáid sonraí riaracháin nó sonraí eile atá ar fáil go héasca a bheith ar an bhfoinse sonraí is fearr chun staidreamh oifigiúil Eorpach a tháirgeadh. Tacaítear leis an treocht sin freisin le teacht chun cinn leanúnach sonraí agus clár riaracháin nua, go háirithe ar an leibhéal Eorpach, le blianta beaga anuas.

Leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (CE) 223/2009, cruthaíodh bonn láidir le haghaidh chur chun feidhme praiticiúil an chur chuige sin. Cé go bhfuil comhdhearcadh in CSE go **laghdófar an t-ualach tuairiscithe staidrimh go suntasach leis an aistriú ó shuirbhéanna go foinsí riaracháin,** meabhraíodh sa phlé leis na saineolaithe nach bhfuil an tionchar ar na costais ar ISNanna chomh simplí céanna. Mar sin féin, d'fhéadfaí a bheith ag súil le laghdú féideartha ar na hacmhainní a theastódh ó ISNanna chun staidreamh oifigiúil a thiomsú toisc nach mbeadh aon ghá leis na ceistneoirí a fhorbairt agus a thástáil, nach mbeadh foireann ag teastáil chun ceisteanna na bhfreagróirí a fhreagairt nó chun tacú leo ar shlí eile na ceistneoirí a líonadh isteach, nach mbeadh gá le freagraí a fuarthas a chur in eagar, nach mbeadh gá leis an bhfaisnéis a d'fhágfaí ar lár a iontráil go barúlach (is iondúil go mbíonn sonraí riaracháin níos uileghabhálaí ná suirbhéanna samplacha).

I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart, dá bhrí sin, leanúint d'iarrachtaí a thuilleadh féidearthachtaí agus féidearthachtaí nua a shainaithint maidir le roghanna malartacha ar fhoinsí sonraí suirbhé chun staidreamh oifigiúil Eorpach a thiomsú.

Chuige sin, d'fhéadfaí gníomhaíochtaí a phleanáil de réir tréimhsí ama éagsúla:

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfaí an **pacáiste omnibus simpliúcháin** de ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá beartaithe d'earrach 2027 a úsáid **mar mheán chun úsáid sonraí riaracháin** sna **bailiúcháin sonraí atá ann faoi láthair a chumasú agus a spreagadh** a mhéid is féidir gan na creatrialacháin staidrimh a oscailt. Mar shampla, mhol roinnt tíortha iontráil bharúlach neamhshrianta ar mhargadh an tsaothair nó athróga eile sa staidreamh sóisialta ó chláir riaracháin a cheadú, rud a chuirfeadh feabhas freisin ar cháilíocht an staidrimh agus a thabharfadh aghaidh ar shaincheisteanna nach mbaineann le rátaí freagartha.

Ar an ***dara dul síos***, d'fhéadfaí aird ar leith agus iarrachtaí ar leith a dhíriú ar **phrionsabal na haonuaire a threisiú sna hathbhreithnithe atá le teacht ar chreat-rialacháin AE - idir rialacháin** staidrimh agus neamhstaidrimh araon. Is iad is túisce a bheidh á athbhreithniú ná an nuashonrú atá le teacht ar an rialachán maidir le Staidreamh Comhtháite Feirme (SCF), an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 692/2011 maidir le staidreamh turasóireachta Eorpach agus Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach. D'fhéadfaí an prionsabal maidir le sonraí a bhailiú uair amháin a léiriú sna Rialacháin leasaithe trí thosaíocht shoiléir a bhunú maidir le foinsí sonraí a úsáid chun an staidreamh is gá a thiomsú, agus é mar chuspóir an t-ualach riaracháin ar fhreagróirí a íoslaghdú. Leanfaidh na Rialacháin de bheith dírithe ar an aschur, rud a fhágfaidh go mbeidh rogha foinsí sonraí ag na Ballstáit. Beifear fós in ann suirbhéanna a úsáid, ach níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin mura bhfuil aon phríomhfhoinse sonraí eile ar fáil. Chun tacú leis na Ballstáit

úsáid tosaíochta a bhaint as foinsí sonraí malartacha ar shuirbhéanna, ba cheart é a bheith d'aidhm leis na leasuithe freisin na forálacha lena n-áirithítear rochtain inbhuanaithe agus ról ISNanna i ndearadh na bhfoinsí sonraí riaracháin agus sna leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh orthu a threisiú. An tráth céanna, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh leis an leasú freisin ar ábharthacht na gceanglas sonraí, go háirithe na ceanglais sin a d'fhéadfadh an t-aistriú chuig foinsí sonraí malartacha go suirbhé a chur i mbaol.

Ina theannta sin, de réir na samplaí de na dréacht-tograí ón gCoimisiún le déanaí lena leasaítear bunghníomhartha staidrimh (e.g. dréacht-togra EFAS), d'fhéadfaí a mheas go **n-áireofaí liosta neamh-uileghabhálach go córasach sna creat-rialacháin nuashonraithe de na foinsí sonraí riaracháin atá ar fáil faoi láthair nó d'fhoinsí atá i seilbh phríobháideach** a bheidh ar fáil faoi rialacháin agus treoracha neamhstaidrimh de chuid an Aontais a glacadh cheana. Mar shampla, le Rialachán (AE) 2024/1028 maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le seirbhísí cóiríochta ar chíos gearrthéarmach, beidh sé éigeantach d'ardáin tuairisciú a dhéanamh ar sheirbhísí cíosa gearrfhanachta agus iompair do phaisinéirí ón 1 Iúil 2028 ar aghaidh. Thairis sin, má mheastar iad a bheith úsáideach, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh sna leasuithe atá le teacht ar chreat-rialacháin maidir le gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe chun sonrú breise a dhéanamh ar na foinsí sonraí riaracháin agus ar na mionsonraí gaolmhara a mheastar a chuirfidh na húdaráis náisiúnta ar fáil do na ISNanna ar mhaithe le staidreamh oifigiúil Eorpach a thiomsú. D'fhéadfadh na forálacha atá ann faoi láthair (Airteagal 5 agus Iarscríbhinní V agus VI) de Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le sonraí riaracháin atá le soláthar ag na hÚdaráis Náisiúnta Chánach agus Chustaim a bheith ina spreagadh.

D'fhéadfadh na creat-rialacháin leasaithe an prionsabal céanna a chur i bhfeidhm - foinsí sonraí atá á gcoinneáil go príobháideach a bheadh úsáideach chun staidreamh oifigiúil Eorpach a thiomsú a liostú (e.g. ardáin lóistín, oibreoirí líonraí móibíleacha; cuideachtaí cártaí creidmheasa; méadair chliste don leictreachas) agus aird a thabhairt an tráth céanna ar na dúshláin, na costais agus na rioscaí éagsúla a bhaineann le sonraí den chineál sin. I ndáil leis an méid sin, d'fhéadfaí a áireamh san athbhreithniú freisin go bhféadfaí na foinsí sin a thabhairt isteach de réir a chéile chun cáilíocht an staidrimh atá ann cheana a fheabhsú, nó staidreamh nua a tháirgeadh a bhfuil an tiomsú coinníollach ar rochtain a fháil ar an bhfoinse sonraí atá á coinneáil go príobháideach. D'fhéadfaí a iarraidh ar ISNanna tuairisc rialta a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le foinsí sonraí atá á gcoinneáil go príobháideach. Amhail i gcás foinsí riaracháin, ba cheart foráil a dhéanamh leis na leasuithe maidir le bealach solúbtha (trí ghníomh tarmligthe) chun liosta na bhfoinsí a d'fhéadfadh a bheith i seilbh phríobháideach a leasú agus chun foinsí nua a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chur leis.

Ar an tríú dul síos, ní hamháin gur cheart do CSE faireachán a dhéanamh ar fhoinsí nua riaracháin, ach ní mór dó freisin **súil a choinneáil ar athruithe ar fhoinsí riaracháin atá ann cheana a** bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na sonraí atá ar fáil chun staidreamh Eorpach a thiomsú agus chun an t-ualach tuairiscithe ar fhreagróirí a laghdú a thuilleadh. Faoi láthair tá dhá chás mhóra ar an leibhéal AE ar chóir do CSE aird a thabhairt orthu: i) Athchóiriú ar Chód Custaim an Aontais (UCC) agus Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh (EUCDH) a bhunú agus ii) Sonraí CBL sa Ré Dhigiteach (Tionscnamh ViDA).

Beidh tionchar mór ag athchóiriú Chód Custaim an Aontais ar an gcaoi a gcuirfear sonraí custaim a úsáidtear faoi láthair chun staidreamh trádála earraí lasmuigh den Aontas Eorpach a thiomsú ar fáil do CSE amach anseo. Tá **Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh** (EUCDH) á dhearadh mar mhol sonraí/bunachar sonraí lárnach a chuirfear in ionad na gcóras TF ar leithligh atá ann cheana ar fud na mBallstát. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú maidir leis an rialachán (bunghníomh) lena leasaítear Cód Custaim an Aontais, ach níor glacadh go foirmiúil é go fóill. Áirítear sa chomhréiteach foráil lena dtugtar rochtain do CSE ar an mol sonraí chun staidreamh a tháirgeadh.

Tiocfaidh na sonraí sin in ionad na sonraí ó dhearbhuithe custaim a sholáthraíonn na hÚdaráis Chustaim faoi láthair do na húdaráis staidrimh náisiúnta a tháirgeann staidreamh maidir le trádáil

earraí lasmuigh den AE i gcomhréir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach. Is é seo a leanas an amlíne atá ann faoi láthair le haghaidh EUCDH a bheidh á óstáil ag Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo:

- 1 Iúil 2028: Coinsíneachtaí ríomhthráchtála a láimhseáiltear in EUCDH (mol ríomhthráchtála AE)
- 1 Márta 2031: Úsáid dheonach EUCDH
- 1 Márta 2034: Úsáid éigeantach EUCDH

Ciallaíonn an cur chun feidhme céim ar chéim go mbeidh cuid den fhaisnéis is gá le haghaidh staidreamh trádála idirnáisiúnta earraí lasmuigh den AE ar fáil ó EUCDH, agus cuid eile ar fáil ó chustaim náisiúnta san idirthréimhse.

Faoi **thionscnamh VIDA**, cuirfear Ceanglais maidir le Tuairisciú Digiteach (DRR) in ionad ráitis achoimreacha an Chórais Malartaithe Faisnéise CBL ('VIES') ó lár 2030 ar aghaidh. Beidh an ríomhshonrascadh ina réamhshocrú chun sonraisc a eisiúint in idirbhearta laistigh den AE, beidh ar Ghnólachtaí tacar comhchuibhithe eilimintí sonraí ('sonraí DRR') a thuairisciú d'údaráis chánach náisiúnta a uaslódálfaidh chuig an Lárchóras Malartaithe Faisnéise CBL ('VIES') nua iad. Ní dhéantar foráil sa Treoir leasaithe maidir le CBL ach maidir le húsáid éigeantach ríomhshonrasctha le haghaidh idirbhearta laistigh den AE (tá ríomhshonrascadh á chur chun feidhme cheana féin ag roinnt Ballstát nó cuirfidh roinnt Ballstát ríomhshonrascadh chun feidhme le haghaidh idirbhearta intíre freisin). Dá bhrí sin, bíonn tionchar den chuid is mó ag úsáid na sonraí (leasaithe) ó na hÚdaráis Chánach ar staidreamh maidir le trádáil idirnáisiúnta earraí agus seirbhísí. Bunaíodh grúpaí *ad hoc* ViDA le haghaidh ITGS agus ITSS araon chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoinse sonraí nua.

Cé nár glacadh go fóill an gníomh cur chun feidhme lena sonraítear na heilimintí ríomhshonrasctha atá le cumhdach in DRR, ní liostaítear gnéithe áirithe a bhfuil gá leo chun críoch staidrimh sa Treoir leasaithe maidir le CBL. Tugann sé sin le tuiscint gur féidir le tionscnamh ViDA a bheith ina fhoinse sonraí úsáideach nua (mar a léirítear leis an úsáid a bhaineann ISTAT as sonraí CBL le haghaidh ITGS faoi láthair), ach ní féidir leis ach cuid de na suirbhéanna a úsáidtear faoi láthair chun sonraí a bhailiú maidir le trádáil earraí laistigh den Aontas a ionadú.

Is cosúil gur cur chuige níos inmharthana maidir le húsáid sonraí ViDA a bheadh ann dá mbaileodh údaráis staidrimh náisiúnta sonraí ríomhshonraisc (bunaithe) díreach ó ghnólachtaí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as sonraí ríomhshonrasctha ina bhfuil eilimintí sonraí atá ábhartha do ITGS/ITSS cheana féin de réir chaighdeán EN 16931 (an leagan atá ann faoi láthair), ach d'fhéadfadh gá a bheith le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an gcaighdeán (e.g. modúl staidrimh roghnach).

Ní mór a chinneadh fós maidir leis an gcaoi ar féidir leis na húdaráis staidrimh náisiúnta faisnéis a fháil ón ríomhshonrascadh. I gcás ITGS, iarradh ar údaráis staidrimh náisiúnta cheana féin imscrúdú a dhéanamh, in R3-R4/2026, le gnólachtaí/comhlachais ghnó, ar an gcineál socruithe teicniúla a bheadh ag teastáil, agus ar na himpleachtaí costais a bhainfeadh leis an gcur chun feidhme teicniúil d'údaráis staidrimh náisiúnta. I gcás ITSS, déanfar tuilleadh imscrúdaithe ar dheiseanna chun ríomhshonrascadh a úsáid agus baileofar faisnéis maidir leis an ualach staidrimh a eascraíonn as an suirbhé ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an bhfoinse nua sonraí a úsáid.

3.4. Simpliú trí dhearadh agus reachtaíocht staidrimh AE á hullmhú

Cé go bhfuil forluí idir an snáithe seo i roinnt gnéithe agus an tsraith a bhaineann le prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm i mbailiú sonraí, beidh raon feidhme níos leithne aige. Mar shampla, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí a bheith i gceist leis arb é is aidhm dóibh **uirlisí bailithe sonraí digiteacha a chur chun cinn,** lena n-áirítear **sonraí a asbhaint go huathoibríoch** ó ráitis airgeadais na cuideachta, ón leabharchoimeád nó ó chórais faisnéise gnó eile. Tháinig an gá atá le **suirbhéanna gnó a dhéanamh níos dírithe ar ghnó** chun cinn sa phlé a rinne an Grúpa Stiúrthóirí um Staidreamh Gnó (GSSG) le déanaí agus le linn an idirphlé maidir le cur chun feidhme le hionadaithe ó ghnólachtaí Eorpacha arna óstáil ag an gCoimisinéir Dombrovskis. Tá roinnt Ballstát

tar éis bealaí chun sonraí a asbhaint go huathoibríoch ó chórais faisnéise gnó cuideachtaí a fhiosrú agus a chur chun feidhme cheana féin. Is minic a bhíonn comhoibriú le soláthraithe bogearraí cuntasaíochta i gceist leis sin. Ba cheart don GSSG an forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana ar leibhéal na mBallstát a chur i gcrích d'fhonn dea-chleachtais a shainaithint agus taithí a chomhroinnt. Measadh go raibh an fhéidearthacht chun uirlisí comhchoiteanna uile-CSE a fhorbairt teoranta mar gheall ar Phrionsabail Chuntasaíochta náisiúnta a bhfuil Glacadh leo go Ginearálta (GAAPanna) a bheith ann sna Ballstáit (níl úsáid na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais éigeantach ach amháin do chuideachtaí liostaithe)

agus mar gheall ar theangacha éagsúla an Chomhphobail. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht chun an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil a úsáid chun an cur chuige sin a fhorbairt sna ISNanna.

Is foinse an-saibhir faisnéise ábhartha faoi ghnólachtaí Eorpacha é staidreamh gnó agus trádála na hEorpa. Mar sin féin, is minic a chuireann an iliomad **sonraí rúnda** a bhaineann leis an staidreamh isteach ar úsáid (agus ar ábharthacht) na sonraí sin. Is minic gur cúis frustrachais é sin d'úsáideoirí staidrimh gnó Eorpaigh, go háirithe maidir le roinnt athróg/táscairí atá ar fáil go héasca san fhearann poiblí do chuideachtaí aonair. Fágann easpa staidrimh Eorpaigh gur gá d'úsáideoirí, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, foinsí eile amhail foinsí tráchtála a úsáid go minic. Cé gur prionsabal tábhachtach í an rúndacht staidrimh ar cheart é a chur i bhfeidhm go dian chun muinín na bhfreagróirí as CSE a áirithiú, ba cheart imscrúdú a dhéanamh ar cé acu an úsáidtear nó nach n-úsáidtear go hiomarcach í i gcásanna áirithe agus ar cé acu is féidir nó nach féidir cineálacha cur chuige nuálacha (amhail modhanna corraíola) a úsáid chun níos mó sonraí a chur ar fáil.

Eagraíodh ceardlann i mí an Mheithimh 2026 inar cuireadh úsáid modhanna suaite chun cinn le haghaidh staidreamh struchtúrach gnó. Ní hamháin go gcuirfeadh cuir chuige den sórt sin go mór le húsáid staidrimh gnó agus trádála, ach d'fhéadfadh sé freisin costas a dtáirgthe agus a scaipthe a laghdú (e.g. faoi láthair bailítear comhiomláin speisialta de chatagóirí NACE le haghaidh SBS chun na sonraí is gá a sholáthar do lucht ceaptha beartas; a luaithe a bheidh sonraí chomhpháirteanna NACE ar fáil go poiblí, ní bheidh gá le comhiomláin speisialta den sórt sin a bhailiú).

Agus machnamh á dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le simpliú trí dhearadh, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh freisin **ar an bhféidearthacht chun 'clásail éagtha' a thabhairt isteach** sa reachtaíocht staidrimh, cé nach bhféadfaí é sin a dhéanamh ach amháin i gcásanna an-sonrach, chun dífheidhmeacht a sheachaint agus, ar bhonn níos ginearálta, chun an reachtóir a spreagadh chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar ábharthacht, ar éifeachtacht agus ar chomhréireacht na rialachán atá ann faoi láthair. De rogha air sin, d'fhéadfaí clásail athbhreithnithe níos mionsonraithe a thabhairt isteach sa reachtaíocht staidrimh, rud a d'fhónfadh do chuspóir comhchosúil agus a mbeadh riosca níos ísle bearnaí dlíthiúla ag baint leis an tráth céanna.

Ar deireadh, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha araon a bheith san áireamh sa simpliú trí dhearadh. San athbhreithniú atá ar na bacáin ar Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach, ba cheart na forálacha dlíthiúla is gá a áireamh lena bhféadfaí an t-ualach tuairiscithe ar fhiontair Eorpacha a shimpliú a thuilleadh agus a laghdú.

3.5. Gníomhaíochtaí neamhreachtacha chun na próisis a shimpliú agus chun tuairisciú staidrimh a éascú

Le linn an phlé ar leibhéal na saineolaithe, cuireadh roinnt tograí neamhreachtacha chun cinn maidir leis an simpliú. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, tuilleadh seimineár gréasáin a reáchtáil chun dea-chleachtais a mhalartú, níos mó tarchur sonraí bunaithe ar SDMX agus deireadh a chur leis na formáidí tarchuir, feabhas a chur ar uirlisí tarchuir agus bailíochtaithe. D'fhéadfaí cur chun feidhme na dtograí sin, lena mbunófaí treochláir agus sásraí nithiúla chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, a shannadh do na Stiúrthóirí ábhartha agus do na grúpaí saineolaithe ábhartha. D'fhéadfaí tuarascáil achomair ar an dul chun cinn agus ar na torthaí a bhainfear amach ó thaobh simpliú agus éifeachtúlacht fheabhsaithe tarchur sonraí agus próiseas dearbhaithe cáilíochta a chur faoi bhráid CCSE i mí Dheireadh Fómhair 2027.

Bhí **malartú micreashonraí d'onnmhairí earraí laistigh den AE i measc na ISNanna** ar cheann de

na príomhrudaí nua a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach. Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as an bhfoinse sonraí sin chun feabhas a chur ar cháilíocht a gcuid sonraí (agus chun na neamhshiméadrachtaí a laghdú freisin) agus chun teacht in ionad na sonraí a mbídís á mbailiú (i bpáirt) le suirbhéanna maidir leis an allmhairiú earraí laistigh den AE, tá acmhainneacht mhór ann fós chun laghdú mór breise a dhéanamh ar an ualach ar fhiontair (go háirithe FBManna, ós rud é go bhfuil níos mó FBManna ag gabháil

d'allmhairiú ná d'onnmhairiú earraí). Ceist ar cheart í a phlé ar leibhéal Cheannaireachta ISNanna CSE agus Eurostat is í cén chaoi le glacadh níos leithne an chur chuige aonsreafa a chur chun cinn maidir le staidreamh trádála earraí laistigh den AE, lena n-úsáidtear sonraí onnmhairiúcháin ó thíortha comhpháirtíochta chun meastachán a dhéanamh ar allmhairí, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur leis an ngá atá le bailiú sonraí ar leithligh le haghaidh allmhairí. Le rath na foinse nua sonraí sin, réitítear an bealach freisin chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme níos leithne an mhalartaithe micreashonraí, lena bhféadfaí staidreamh eile maidir le hidirbhearta agus feiniméin trasteorann a áireamh.

4. Na Chéad Chéimeanna Eile

D'fhéadfaí na chéad chéimeanna eile chun an obair maidir le simpliú agus laghdú ualaigh sa staidreamh oifigiúil Eorpach a chur chun cinn a struchtúrú le haghaidh gach ceann de na cúig shnáithe oibre a leagtar amach thuas.

Chun go mbeifear in ann omnibus simpliúcháin de rialacháin tharmligthe agus cur chun feidhme a ullmhú faoi dheireadh na chéad ráithe de 2027 agus chun go mbeifear in ann é a ghlacadh sa chéad leath de 2027, ba cheart na tograí nithiúla a dtugtar tuairisc orthu i gcuid 3.1 agus i gcuid 3.2 den pháipéar seo a athbhreithniú a thuilleadh, iad a chomhdhlúthú agus a aistriú ina liosta leasuithe ar na gníomhartha dlí lena mbaineann faoi dheireadh 2026. D'fhéadfadh Eurostat dréacht de na leasuithe sin a ullmhú (i.e. an chéad dréacht den phacáiste simpliúcháin), le cúnamh ó Thascfhórsa tiomnaithe i ngach ceann de na réimsí má mheastar é a bheith úsáideach. Go luath in 2027, d'fhéadfaí dul i gcomhairle le grúpaí Stiúrthóirí CSE maidir leis an dréacht agus comhairliúcháin a dhéanamh le príomhúsáideoirí institiúideacha ar leibhéal AE ina dhiaidh sin.

I dtéarmaí nós imeachta, leasófar leis an togra omnibus gníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe atá ann cheana trí úsáid a bhaint as an nós imeachta céanna lenar glacadh iad ar dtús (i.e. nós imeachta coiste le vóta ó CCSE nó rannpháirtíocht an tSainghrúpa 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh' le haghaidh gníomhartha tarmligthe).

Maidir le huainiú chur chun feidhme éifeachtach na n-athruithe atá beartaithe, ní mór na ceanglais a leagtar amach sna bunghníomhartha ábhartha a chur san áireamh freisin, agus beidh foráil i gcuid acu lena bhforordaítear íostréimhse ama idir glacadh gnímh cur chun feidhme nó tharmligthe agus tús nó deireadh na tréimhse tagartha comhfhreagraí. Is é is aidhm d'fhoráil den sórt sin, de ghnáth, dóthain ama a thabhairt do na húdaráis staidrimh chun an bailiú sonraí a chur in oiriúint do cheanglais nua. Mar sin féin, nuair a thabharfar athruithe simpliúcháin isteach, d'fhéadfaí ábharthacht na rialach sin a athbhreithniú; de rogha air sin, d'fhéadfaí an bunghníomh a athrú roimh ré.

Maidir le tomhas an laghdaithe ualaigh a bhfuiltear ag súil leis ó na hathruithe simpliúcháin atá beartaithe, déanfaidh Eurostat cainníochtú sealadach ar an gcoigilteas costais trí úsáid a bhaint as **áireamhán ualaigh riaracháin an Choimisiúin bunaithe ar shamhail chostais chaighdeánach an AE** .

Leanfar an treochlár bunaithe i ndáil leis na rialacháin seo a leanas, athbhreithniú (athmhúnlú) ar an rialachán maidir le Staidreamh Comhtháite Feirme (SCF), an t-athbhreithniú ar Rialachán (AE) 692/2011 maidir le staidreamh turasóireachta Eorpach, Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach agus nuashonrú ar CCE 2010 agus na rialacháin maidir le Comhardú na nÍocaíochtaí.

Maidir leis na gníomhaíochtaí a dtugtar tuairisc orthu i gcuid 3.3 chun úsáid níos leithne a bhaint as foinsí riaracháin atá á dtógáil ar leibhéal an AE (i.e. Mol Sonraí Custaim an Aontais Eorpaigh agus tionscnamh ViDA), d'fhéadfaí treochlár níos mionsonraithe a phlé ag cruinniú tiomnaithe a eagrófar i ndiaidh chruinniú CCSE mhí Feabhra 2027 nó ag Cruinniú Ardleibhéil arna óstáil mar chuid den chéad Uachtaránacht eile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Tá Eurostat ag tnúth le tuairimí chomhaltaí CSE a ghlacadh maidir leis na snáitheanna oibre atá beartaithe agus na chéad chéimeanna eile mar a cuireadh chun cinn sa phlépháipéar seo.